| **An tSraith Shinsearach**<br>**Staidéar Foirgníochta** | **Grúpa Forbartha Cruinniú 1**<br>**27 Feabhra 2024**<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Ionduchtú do na 7 ngrúpa forbartha uilig** | Bhí comhsheisiún ionduchtaithe ar siúl do na grúpaí forbartha uilig, inar tugadh forbhreathnú ar ghnéithe éagsúla d'obair CNCM:<br>struchtúir agus próisis, sonraíocht churaclaim a fhorbairt,<br>treochlár agus amlínte. |
| **Seomra ar leithligh** | Tar éis an tseisiúin ionduchtaithe sin, chuaigh an grúpa forbartha do Staidéar Foirgníochta na hArdteistiméireachta go dtí a sheomra cruinnithe féin. |
| **Réamhrá ón gCathaoirleach** | Chuir gach ball den ghrúpa forbartha do Staidéar Foirgníochta na hArdteistiméireachta iad féin in aithne. |
| **Cur i láthair agus plé ar an gCáipéis Eolais** | Tugadh forbhreathnú maidir le trí chuid den cháipéis eolais agus treoir do Staidéar Foirgníochta na hArdteistiméireachta: léargais scoile, treochtaí idirnáisiúnta in oideachas timpeallachta tógtha na meánscoile sinsearaí agus ceisteanna atá ag teacht chun tosaigh a bhfuil breithniú le déanamh orthu. Bhí deis ag an ngrúpa labhairt ar na codanna seo den cháipéis eolais. |
| **Raon feidhme tosaigh cuspóra, réasúnaíochta agus aidhmeanna a mheas** | D'oibrigh na baill i ngrúpaí beaga le cuspóir, réasúnaíocht agus aidhmeanna Staidéar Foirgníochta na hArdteistiméireachta a mheas. |
| **Na chéad chéimeanna eile agus an chéad chruinniú eile** | Rinne an cathaoirleach machnamh ar an obair a rinneadh agus ghabh sé buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as an méid a rinne siad. Déanfaidh an Feidhmeannas athbhreithniú ar an bplé ar chuspóir, réasúnaíocht agus aidhmeanna, agus déanfaidh siad nóta léitheoireachta a ullmhú agus ábhair a dhréachtú don chéad chruinniú eile.<br><br>**An chéad chruinniú eile:** 09 Aibreán 2024 |

| An tSraith Shinsearach<br>Innealtóireacht | Grúpa Forbartha Cruinniú 2<br>10 Aibreán 2024<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Paraiméadair mheasúnaithe** | Chuir an Stiúrthóir Gníomhach na paraiméadair mheasúnaithe ó cháipéis eolais agus treoir na hInnealtóireachta, faoi bhráid an ghrúpa agus pléadh go mion iad. |
| **Réasúnaíocht, Aidhmeanna, Leanúnachas agus Dul Chun Cinn.** | D'oibrigh baill an Ghrúpa Forbartha i ngrúpaí beaga ag breathnú ar réasúnaíocht, aidhmeanna, leanúnachas agus dhul chun cinn. Cuireadh dréachtaí tosaigh ar fáil dóibh seo. |
| **Raon feidhme tosaigh na Snáitheanna a mheas** | Ag bogadh ar aghaidh ó na réimsí féideartha a aithníodh i gcruinniú 1, d'aithin an grúpa snáitheanna féideartha a d'fhéadfaí tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu. |
| **Na chéad chéimeanna eile An Chéad Chruinniú Eile:** | Rinne an cathaoirleach machnamh ar an obair a rinneadh agus ghabh sé buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as an méid a rinne siad.<br><br>**An Chéad Chruinniú Eile:** 7 Bealtaine 2024 |